Uachtarán nua don Fhrainc

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi na toghcháin d'uachtarán nua sa Fhrainc. Sula bhféachann tú ar an tuairisc pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat nó le do ghrúpa:

Cad atá ar eolas agaibh faoin Fhrainc? Cad í príomhchathair na tíre? An féidir libh cathracha eile a ainmniú? An bhfuil aon rud ar eolas agaibh faoi stair na Fraince? Cén sórt córas polaitíochta atá acu ansin? Cad atá ar eolas agaibh faoin bhfeachtas toghchánaíochta atá ar siúl sa Fhrainc faoi láthair?

Ceist 2 Anois féach ar an tuairisc cúpla uair agus déan iarracht an leagan Gaeilge de na focail seo thíos a aimsiú inti. Ansin cuir do chuid freagraí i gcomparáid le cinn an duine in aice leat.

An bhfuil mórán díobh ar eolas agat sula bhféachann tú ar an tuairisc?

1. the two candidates _____
2. the former Minister for the Interior _____
3. campaigning _____
4. a challenging fortnight _____
5. right wing _____
6. left wing _____
7. all the votes have been counted _____
8. upper-class _____
9. to create a country _____
10. the margins of society _____
11. election campaign _____
12. two-horse race _____
13. in the latest opinion polls _____
14. the last round of voting _____

Ceist 3 Anois féach ar an tuairisc arís agus déan iarracht freagraí na gceisteanna seo a aimsiú. Ansin pléigh na freagraí leis an duine in aice leat.

1. Cé hiad an bheirt iarrthóirí atá fanta san iomaíocht do phost na huachtarántachta?

2. Cé mhéad den vóta iomlán a fuair an bheirt sa chéad bhabhta den toghchán?

3. Cen sórt tíre ar mhaith le Sarkozy a chruthú, dar leis an tuairisc?

4. Cén fáth go raibh Royal i dtrioblóid níos luaithe sa bhfeachtas toghchánaíochta?

5. Cad a thaispeánann na pbalbhreitheanna faoi láthair?

6. Cén uair a bheidh an babhta deireannach vótála ar siúl?

Ceist 4 ‘Is duine de *theaghlach uasaicmeach na hUngáire* é Nicolas Sarkozy.’
‘Ba cheart deis a thabhairt do gach duine, fiú iad siúd atá fágtha ar *imeall na sochaí*.’

Cén ghné den ghramadach atá i gceist leis na focail i gcló iodálach thuas? Pléigh iad leis an duine in aice leat. Mura bhfuil sibh cinnte cabhróidh an teagascóir libh.

Anois críochnaigí na habairtí a leanas ag baint úsáide as na focail idir lúibíní.

1. B’fhéidir go dtoghfar bean mar uachtarán _____ don chéad uair i 2007. (an Fhrainc)

2. Tá crann mór ag fás i lár _____. (an tsráid)

3. Tá daonra _____ níos airde ná daonra na hÉireann. (an Ghearmáin)

4. Bhí na páistí an-tuirseach tar éis _____. (an tsiúlóid)

5. Is í an Róimh príomhchathair _____. (an Iodáil)

Ceist 5 **‘***Tháinig* Nicolas Sarkozy *i gcomharbacht* ar Jacques Chirac.’

Tá go leor nathanna sa Ghaeilge leis an mbriathar ‘tar’. An féidir leat na nathanna sa cholun ar chlé a cheangal leis an míniú ceart sa cholún ar dheis?

1	Tháinig siad i gcabhair air nuair a bhí sé i dtrioblóid.	a	Tháing sé ina diaidh.
2	Tháinig sé chuige féin tar éis a bheith breoite.	b	D’aontaigh siad.
3	Tháinig Michael McDowell i gomharbacht ar Mary Harney mar cheannaire an Pháirtí Daonlathaigh.	c	D’éirigh sé níos fearr.
4	Tháinig Fine Gael agus Páirtí an Lucht Oibre ar réiteach chun dul isteach i gcomhrialtas le chéile.	d	Fuair siad níos mó eolais.
5	Tar éis na stoirmeacha sa gheimhreadh, tháinig feabhas ar an aimsir san earrach.	e	Thug siad cúnamh dó.
6	Nuair a tháinig na Gardaí ar fhianaise nua, d’éirigh leo an dúnmharfóir a ghabháil.	f	Tháinig biseach air.

Ceist 6 Pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat nó le do ghrúpa: Ní raibh bean riamh mar uachtarán sa Fhrainc. An dóigh libh go bhfuil sé tábhachtach do mhná postanna mar seo a bhaint amach? Cén fáth? (Smaoinigh ar Uachtarán na hÉireann). An dóigh libh go mbeidh bean mar uachtarán ar Stáit Aontaithe Mheiriceá lá éigin? Cén fáth?

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1
Tá an plé seo le déanamh sula seinntear an tuairisc.

Ceist 2
Is féidir iarraidh ar na mic léinn triail a bhaint as na focail ar dtús sula bhfeiceann siad an tuairisc agus ansin arís agus an tuairisc ar siúl.

1. an bheirt iarrthóirí
2. an t-iarAire Intíre
3. stocaireacht
4. coicís dúshlanach
5. eite dheis
6. eite chlé
7. tá na vótaí uilig comhairthe
8. uasaicmeach
9. tír a chruthú
10. imeall na sochaí
11. feachtas toghchánaíochta
12. rás dhá chapall
13. sna pobalbhreitheanna is deireannaí
14. an babhta deireannach vótála

Ceist 3
1. An t-iarAire Intíre Nicolas Sarkozy agus Ségolène Royal ón bPáirtí Sóisialach.
2. Fuair Nicolas Sarkozy 31% de na vótaí agus fuair Ségolène Royal beagnach 26%.
3. Maíonn sé go bhfuil sé ag iarraidh tír a chruthú áit a dtugtar deis cheart do chuile dhuine, fiú iad siúd atá fágtha ar imeall na sochaí.
4. Tharraing ráitis a rinne sí faoi pholasaí eachtrach agus faoin eacnamaíocht go leor ceisteanna faoina todhchaí polaitiúil.
5. Tá Nicolas Sarkozy chun cinn sna pobalbhreitheanna is deireannaí.
6. Beidh an babhta deireannach vótála ar siúl ar an Domhnach an séú lá Bealtaine.

Ceist 4
An tuiseal ginideach uatha atá i gceist anseo.

1. uachtarán na Fraince
2. lár na sráide
3. daonra na Gearmáine
4. tar éis na siúlóide
5. príomhchathair na hIodáile

Ceist 5
1e, 2f, 3a, 4b, 5c, 6d.

Ceist 6
Is féidir gach beirt a chur ag déanamh an phlé seo agus ansin cuid de na ceisteanna a phlé leis an rang iomlán.

Eimear Ní Chonaola

Sa Fhrainc chuir an bheirt iarrthóirí atá fanta san iomaíocht do phost na huachtaránachta – sin iad an t-iarAire Intíre Nicolas Sarkozy agus Ségolène Royal ón bPáirtí Sóisialach – tús leis an stocaireacht inniu. Níl fanta anois ach coicís den bhabhta deiridh vótála.

Tá coicís dúshlánach amach roimh Nicolas Sarkozy ón eite dheis agus Ségolène Royal ón eite chlé. Tá na vótaí uilig comhairthe sa gcéad bhabhta vótála a bhí ar bun inné. Fuair Nicolas Sarkozy 31% de na vótaí agus fuair Ségolène Royal beagnach 26%. 18% a fuair François Bayrou agus beagnach 11% a fuair Jean-Marie Le Pen agus tá an bheirt sin curtha as an iomaíocht anois. Chaith breis is 85% de phobal na Fraince vóta inné. IarAire Intíre é Nicolas Sarkozy, duine de theaghlach uasaicmeach na hUngáire agus maíonn sé go bhfuil sé ag iarraidh tír a chruthú áit a dtugtar deis cheart do chuile dhuine, fiú iad siúd atá fágtha ar imeall na sochaí. Chiallaigh an vóta de beagnach 26% do Ségolène Royal go bhfuil dlús curtha arís lena feachtas toghchánaíochta tar éis gur tharraing ráitis a rinne sí faoi pholasaí eachtrach agus faoin eacnamaíocht níos túisce sa mbliain go leor ceisteanna faoina todhchaí polaitiúil. Mar a sheasann cúrsaí faoi láthair anois, is rás dhá chapall atá ann idir an eite chlé agus an eite dheis. Tá Nicolas Sarkozy a tháinig i gcomharbacht ar Jacques Chirac chun cinn sna pobalbhreitheanna is deireannaí ach tuigeann an dá iarrthóir Sarkozy agus Royal go bhfuil go leor le déanamh sa gcoicís amach romhainn, go leor vótaí nua le mealladh acu beirt má tá siad ag iarraidh a bheith mar an chéad uachtarán eile ar an Fhrainc. Beidh an babhta deireannach vótála ar siúl ar an Domhnach an séú lá Bealtaine.